# Ceardlann 1: Neamhionannas

**Acmhainní atá de dhith:**

- cur i láthair a haon (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh Tools For Solidarity)
- liathróid
- físeáin:

- 'If the world was only 100 people' by Knovva Academy - YouTube
https://www.youtube.com/watch?v=A3nllBT9ACg&list=PLHPcst0Hx1VUPdl5g6AY4hlRss_GA17cz
- 'Charity in Belfast: Tools for Solidarity' by Tools For Solidarity - YouTube
https://www.youtube.com/watch?v=JH1x6F68rRA

**An Domhan**
Ar chuala sibh tracht ar Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta (Tools For Solidarity)? Beidh muid ag caint faoin ghrúpa ar ball beag.
Agus an liathróid agat, inis dúinn áit amháin ar an domhan ar mhaith leat cuairt a thabhairt air. Mar shampla, 'Is mise Roisin agus ba mhaith liom cuairt a thabhairt ar Pheiriú'.
Anois, beidh muid ag cur síos ar an domhan. Lámha in airde gach duine dá bhfaca léarscáil an domhain. Anois, seo léarscáil difriúil An bhfeiceann sibh rud ar bith atá difriúil (sleamhnán 4)? (Cuir síos ar na difríochtaí - go háirithe an Astráil, Meiriceá Theas, an Afraic.) Léiríonn Peters Projection Map méid na na n-ilchríoch / na mór-ranna mar is ceart. Sin an difir. (Sleamhnán 5) Anois, tá sé soiléir. Tá dath glas ar an léarscáil Peters.

**Dá mbeadh an domhan ina shráidbhaile agus céad duine ann - na hilchríocha**
Lámha in airde má tá a fhios agat cá mhéad duine atá sa domhan.
*7.9 billiún*
Cá mhéad duine atá sa rang seo? An dtig libh smaointiú ar 7.9 billiún duine? Tá sé an-deacair, nach bhfuil? Ligfidh muid orainn mar sin nach bhfuil ann ach sráidbhaile a bhfuil céad duine ann.
R Cá mhéad duine a mbeadh cónaí orthu san Áise? Tá 100 duine ar an domhan.
An Áise *60*
An Aifric *16*
An Eoraip *10*
Meiriceá Theas *8*
Meiriceá Thuaidh *5*
An Aigéine *1*
An gcuireann na huimhreacha seo iontas ar bith oraibh?

**Dá mbeadh an domhan ina shráidbhaile agus céad duine ann**
Cá mhéad duine nach mbeadh go leor bia acu?
Tá muid ag caint ar go leor le bheith beo, níl muid ag caint faoi mhilseáin nó brioscaí nó brioscáin phrataí.
*Duine amháin ag fáil bháis leis an ocras agus duine déag gannchothaithe.* Cad é atá i gceist le gannchothaithe? Is ionann sin agus a rá nach bhfuil go leor bia ag duine éigin le bheith sláintiúil.

Cad chuige a bhfuil leictreachas de dhíth orainn?
Cá mhéad duine a mbeadh ábalta leictreachas a fháil?
*Beirt is ochtó.* (Cuir in iúl dóibh nach mbíonn sé ag cuid acu ach ar feadh dhá uair sa lá.)
An dtig libh deireadh seachtaine gan leictreachas a chreidiúint? Ní thig liom.

# Ceardlann 1: Neamhionannas

Cá mhéad duine a mbeadh uisce glan acu? *Nócha a haon.* Cá háit a dtéann tú le huisce glan a fháil? An sconna! An síleann sibh go bhfuil sconna ag gach duine sa teach? Cá háit eile a dtéann tú le huisce a fháil? An gairdín? An tsráidbhaile? An abhainn? Cuir i gcás go raibh ort dhul go halla na cathrach gach lá le huisce a fháil!

Cá mhéad duine a mbeadh ábalta aer glan a tharraingt? *Ochtar is seasca.*
Cén ciall atá le truailliú? Cad chuige a mbíonn an t-aer salach? In amanna feiceann tú toit san aer, cén dóigh a tharlaíonn sé?

Cá mhéad duine a mbeadh i mbun airgid an domhain? *Duine amháin*. Tá duine amháin sa sráidbhaile a bhfuil níos mó airgid acu ná gach duine eile. An bhfuil cothrom na Féinne ann?

**Físeán - 'If the world was only 100 people' by Knovva Academy - YouTube**
https://www.youtube.com/watch?v=A3nllBT9ACg&list=PLHPcst0Hx1VUPdl5g6AY4hlRss_GA17cz

Ag deireadh an fhíseáin iarrfaidh mé oraibh rud amháin a bhí suimiúil nó dochreidte a insint dom.

**Uirlisí ar son na Dlúthpháirtíochta (Tools For Solidarity / TFS)**
Tá TFS ag obair sa Mhaláiv (Malawi) agus sa Tansáin (Tanzania) - cén ilchríoch ina bhfuil na tíortha seo? An Aifric.
Cuir in iúl cá háit a bhfuil siad ar an léarscáil . Tá cuid de na daoine sa tír seo an-bhocht. Déanaigí smaointiú ar an cheist seo. Arbh fhearr dúinn uirlisí agus innill fuála nó airgead a thabhairt dóibh? (Éist leis na freagraí agus déan iarracht díospóireacht a reáchtáil - mar shampla, cad é a dhéanfaidh siad nuair atá an t-airgead uilig caite acu? Taispeáin dóibh an físeán faoi TFS: 'Charity in Belfast: Tools for Solidarity' by Tools For Solidarity - YouTube)
https://www.youtube.com/watch?v=JH1x6F68rRA

(Cuir an cheist orthu arís.) Cad chuige? Thig le duine éigin a ghnó féin a bheith acu agus a bheith neamhspleách.

Sa chéad babhta eile beidh muid ag caint ar bhochtaineacht. Roimhe sin, bígí i ag smaointiú ar cad é atá i gceist le bochtaineacht.